V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11135 — PORR / RIGIPS / SAUBERMACHER / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 239/07)

1. An 28 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PORR Umwelttechnik GmbH ('PORR', an Ostair), faoi rialú comhpháirteach Ghrúpa Strauss agus Ghrúpa IGO Industries,

— Saint-Gobain Austria GmbH ('Rigips', an Ostair), faoi rialú Compagnie de Saint-Gobain SA,

— Saubermacher Bau Recycling und Entsorgung GmbH ('Saubermacher', an Ostair), faoi rialú Roth Privatstiftung.

Gheobhaidh PORR, Rigips agus Saubermacher rialú comhpháirteach ar an gcomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcomhfhiontar nuachruthaithe ('an JV', an Ostair).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá PORR mar chuid den Ghrúpa PORR, atá ina sholáthraí seirbhíse iomlán in earnáil na tógála agus a chuireann tionscadail tógála i gcrích san Eoraip agus ar an gcoigríoch. Tá Grúpa PORR gníomhach freisin, *inter alia*, i réimse chosaint theicniúil an chomhshaoil.

— Is cuid de Ghrúpa Saint-Gobain é Rigips. Tá an grúpa dírithe ar an iomlán ar ábhair nuálacha, ar ghléasraí ardfheidhmíochta agus ar tháirgí tógála. Faoin mbranda Rigips, táirgeann Saint-Gobain Austria GmbH painéil speisialtachta agus fuaimiúla, táirgí púdair agus comhdhúile calctha san Ostair in earnáil na tógála éadroma, chomh maith le teicneolaíocht, gabhálais agus ábhair inslithe a dhíol.

— Soláthraíonn Saubermacher seirbhísí dramhaíola tógála do chustaiméirí príobháideacha, d'úsáideoirí tráchtála agus bardasacha. Soláthraíonn Grúpa Saubermacher ina iomláine réimse seirbhísí san Ostair agus sna tíortha comharsanachta (chomh maith leis an gCróit) feadh an tslabhra luacha dramhaíola, ó bhailiú agus cóireáil go haisghabháil agus diúscairt.

3. Feidhmeoidh an JV lánoibríochtúil sna réimsí gnó seo a leanas: Saoráid athchúrsála gipsim a thógáil agus a oibriú in Stockerau na hOstaire.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11135 — PORR/RIGIPS/SAUBERMACHER /JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.